Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7147/25**

**FIN 310**
**INST 68**
**PE-L 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6419/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 02/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 21 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 02/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

2. Mar a thaifeadtar in 6419/25, is é is cuspóir don togra seo EUR 100 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Mhír 30 04 01 01 (*Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta*) go Mír 16 02 01 01 (*Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Tar éis na dtuilte a tharla mar gheall ar an mbáisteach thubaisteach a bhuail roinnt limistéar in oirthear na Spáinne (tuilte DANA) i mí Dheireadh Fómhair 2024, rinne an Spáinn iarratas ar chúnamh faoi chritéar 'mórthubaiste' Rialachán CDAE agus d'iarr sí réamhíocaíocht.
Le haistriú EUR 100 000 000 ón gCúlchiste Eorpach Dlúthphháirtíochta, beifear in ann an réamhíocaíocht a dhámhachtain don Spáinn agus EUR 52 263 419 san iomlán a fhágáil ar an líne bhuiséid chun iarratais nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar réamhíocaíochtaí a chumhdach.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Márta 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- aistriú na leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 6419/25 iad; agus
- an dréachtlitir atá san IARSCRÍBHINN chuige sin.

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán an Choimisiúin

cóip : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[2], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 02/2025 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Beannacht scoir).

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).